

Modúl Samplach Teanga do Bhunscoileanna: Seicliosta do Scoileanna

Roimh thús an téarma, ba cheart duit na rudaí seo a dhéanamh:	✓
Seiceáil go bhfuil an deontas i gcuntas bainc na scoile.	
Roghnaigh múinteoir ó do scoil don teagasc, nó oide seachtrach (is féidir liosta oidí atá ar fáil i do cheantar a iarraidh)	
Roghnaigh tréimhse sé seachtaine taobh istigh den achar ama	
Ceap amchlár don rang teanga agus roinn leis an PPLI é tríd an bhfoirm ghairid seo	
Aontaigh modh íocaíochta leis an oide agus aontaigh an méid iomlán atá le híoc don téarma (cuirfidh an t-oide sonrasc chuig an scoil)	
Eagraigh grinnfhiosrúchán Gharda ar an oide (de réir Circular 0042/2018)	
Cuidigh leis an oide dul i dtaithe ar pholasaithe scoile agus ar riachtanais aonair pháistí.	
Cuir tuismitheoirí agus an pobal áitiúil ar an eolas faoin gceangal idir an scoil agus an PPLI, trí iris nó suíomh ná scoile (tá alt samplach is féidir a eagrú anseo)	
Cinntigh gur tháinig an paca áiseanna don mhodúl samplach chuig an scoil.	
Cláraíonn príomhoidí/múinteoirí óstacha don seisiún eolais (naisc chlárúcháin seolta ar ríomhphost)	
Cláraíonn oidí don cheardlann eolais agus traenála (naisc chlárúcháin seolta ar ríomhphost)	
I rith an téarma:	✓
Cinntigh go bhfuil an pobal iomlán scoile ar an eolas faoin tionscadal. Mar shampla, cuir póstaer agus samplaí d'obair na bpáistí ar taispeáint, spreag páistí chun an teanga, atá á foghlaim acu, a úsáid ar an idirchum agus i rith gníomhaíochtaí eile, agus mar sin de.	
Cinntigh go bhfuil na háiseanna, a chuir an PPLI ar fáil, le feiceáil ar fud na scoile agus go n-úsáidtear iad don teagasc agus don fhoghlaim.	
Cuir rannpháirtíocht na scoile sa mhodúl os comhair an phobail trí na meáin áitiúla agus sa phobal i gcoitinne (tá alt samplach is féidir a eagrú anseo) – cuir pictiúir san áireamh	
Smaoinigh faoi chuairt scoile ó oifigeach PPLI a éascú (bí cinnte iad a chur ar an eolas faoi pholasaithe scoile, ina measc Polasaí Úsáid Inghlactha, Ráiteas Cosaint Pháistí, Polasaí Scoile um Chosaint Sonraí agus mar sin de.)	
Tar éis an téarma:	✓
Mura bhfuil sé déanta agat cheana, tabhair aiseolas trí cheann de na suirbhéanna seo a líonadh isteach:	
Suirbhé do mhúinteoirí óstacha	
Suirbhé do phríomhoidí	

Ná bíodh leisce ar bith ort dul i dteagmháil linn!

Kenia Puig (Bainisteoir Teagaisc agus Foghlama, atá ag déanamh maoirseachta ar an tionscadal seo) kenia.puig@ppli.ie

Salvo Cacciato (Oifigeach Oideachais agus Ceannaire Tionscadail) salvo.cacciato@ppli.ie

Kate Tyndall (Comhordaitheoir Tionscadail) kate.tyndall@ppli.ie